BREITHIÚNAS NA CÚIRTE (an Ceathrú Dlísheomra)

16 Eanáir 2025 * [i]

(Tarchur chun réamhrialú – Margaí in ionstraimí airgeadais – Treoir 2004/39/CE – Airteagal 52(2) – Caingean ar mhaithe le leasanna tomhaltóirí – Eagraíochtaí tomhaltóirí a bhfuil leas dlisteanach acu i dtomhaltóirí a chosaint – *Locus standi* d'fhonn leasanna aonair a gcomhaltaí a chosaint – *Locus standi* a chailleadh i gcás infheistíochtaí i dtáirgí airgeadais d'ard-acmhainn airgeadais – Díolúine ó chostais dhlíthiúla agus ón oibleagáid na costais arna dtabhú ag an bpáirtí freasúra a íoc – Neamhspleáchas ó thaobh nósanna imeachta de – Prionsabal na héifeachtachta)

I gCás C-346/23,

IARRAIDH ar réamhrialú de bhun Airteagal 267 CFAE, ón Tribunal Supremo (an Chúirt Uachtarach, an Spáinn), trí bhreith an 17 Bealtaine 2023, a fuarthas ag an gCúirt an 1 Meitheamh 2023, sna himeachtaí

Banco Santander SA, comharba ar Banco Banif SA,

v

Asociación de Consumidores y Usuarios de Servicios Generales–Auge, thar ceann a chomhpháirtithe Andrea y Alberto,

tugann AN CHÚIRT (an Ceathrú Dlísheomra),

agus í comhdhéanta mar seo a leanas: C. Lycourgos, Uachtarán an Tríú Dlísheomra, ag feidhmiú mar Uachtarán an Cheathrú Dlísheomra, S. Rodin agus O. Spineanu-Matei (Rapóirtéir), Breithiúna,

Abhcóide Ginearálta: L. Medina,

Cláraitheoir: L. Carrasco Marco, Riarthóir,

ag féachaint don nós imeachta i scríbhinn agus tar éis éisteacht an 8 Bealtaine 2024,

tar éis breithniú a dhéanamh ar na barúlacha a cuireadh isteach thar ceann na bpáirtithe seo a leanas:

– Banco Santander SA, comharba ar Banco Banif SA, ag J. M. Blanco Saralegui, A. Capilla Casco agus J. M. Martínez Gimeno, abogados,

* Teanga an cháis: an Spáinnis.

– Asociación de Consumidores y Usuarios de Servicios Generales-Auge, ag E. Avilés Alcarria, procuradora, agus J. M. Davó Escrivá, abogado,

– Rialtas na Spáinne, ag A. Gavela Llopis, i gcáil Gníomhaire,

– an Coimisiún Eorpach, ag C. Auvret, G. Goddin, P. Němečková agus P. Vanden Heede, i gcáil Gníomhairí,

tar éis éisteacht leis an Tuairim an Abhcóide Ghinearálta ag éisteacht an 5 Meán Fómhair 2024,

an Breithiúnas seo a leanas:

Breithiúnas

1 Baineann an tarchur chun réamhrialú seo le léiriú Airteagal 52(2) de Threoir 2004/39/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, an 21 Aibreán 2004, maidir le margaí in ionstraimí airgeadais lena leasaítear Treoracha 85/611/CEE agus 93/6/CEE ón gComhairle agus Treoir 2000/12/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 93/22/CEE ón gComhairle (IO 2004 L 145, lch. 1).

2 Rinneadh an iarraidh sin i gcomhthéacs imeachtaí idir Banco Santander SA, comharba ar Banco Banif SA agus an Asociación de Consumidores y Usuarios de Servicios Generales – Auge (Comhlachas Tomhaltóirí agus Úsáideoirí Seirbhísí Ginearálta, ‘Auge’) maidir le bailíocht na gconarthaí chun ionstraimí airgeadais a cheannach arna dtabhairt i gcrích ag cliaint mhiondíola.

An dlí lena mbaineann

Dlí an Aontais Eorpaigh

Treoir 2004/39

3 Leagadh amach an méid seo a leanas in aithrisí 2, 5, 17 agus 31 de Threoir 2004/39:

‘(2) [...] ba cheart go mbainfí amach an méid comhchuibhithe is gá chun ardleibhéal cosanta a chur ar fáil d’infheisteoirí agus chun a chur ar chumas na ngnólachtaí infheistíochta a gcuid seirbhísí a sholáthar ar fud an Chomhphobail [Eorpaigh], atá ina margadh aonair, ar bhonn faireachán sa Bhallstát baile. [...]

[...]

(5) Is gá córas rialála cuimsitheach a bhunú chun idirbhearta in ionstraimí airgeadais a fhorghníomhú, gan beann ar na modhanna trádála a úsáidtear chun na críche sin, chun ardcháilíocht forghníomhaithe a áirithiú d’oibríochtaí infheisteoirí agus chun sláine agus éifeachtúlacht fhoriomlán an chórais airgeadais a chaomhnú. Is iomchuí, dá bhrí sin, córas rialála comhsheasmhach agus riosca-choigeartaithe a bhunú a bheidh infheidhme maidir leis na príomhchineálacha córas forghníomhaithe orduithe atá ag feidhmiú ar mhargadh airgeadais na hEorpa faoi láthair. [...]

[...]

(17) Ba cheart do dhaoine a sholáthraíonn seirbhísí infheistíochta agus/nó gníomhaíochtaí a chumhdaítear leis an Treoir seo a bheith faoi réir údarú arna eisiúint ag a mBallstát baile chun cosaint infheisteoirí agus cobhsaíocht an chórais airgeadais a áirithiú.

[...]

(31) Ceann d'aidhmeanna na Treorach seo is ea infheisteoirí a chosaint. Ní mór bearta cosanta infheisteoirí a chur in oiriúint do shainiúlachtaí gach catagóire infheisteoirí (cliaint mhiondíola, gairmithe agus contrapháirtithe).'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

4 De réir phointe 12 d'Airteagal 4(1) den Treoir sin:

'Chun críocha na Treorach seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

[...]

(12) ciallaíonn "cliant miondíola": cliant nach bhfuil ina ghairmí'.

5 Foráladh an méid seo a leanas in Airteagal 52 den Treoir sin:

'(1) Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh aon chinneadh a dhéanfar faoi dhlíthe, Rialacháin nó forálacha riaracháin arna nglacadh i gcomhréir leis an Treoir seo cuí-réasúnaithe agus go mbeidh sé faoi réir an chirt chun iarratas a dhéanamh chuig na cúirteanna. Beidh feidhm ag an gceart chun iarratas a dhéanamh chuig na cúirteanna freisin i gcás nach ndéanfar aon chinneadh, laistigh de 6 mhí tar éis a thíolactha, i ndáil le hiarratas ar údarú ina soláthraítear an fhaisnéis ar fad atá riachtanach.

2. Forálfaidh na Ballstáit go bhféadfaidh ceann amháin nó níos mó de na comhlachtaí seo a leanas, de réir mar a chinnfear leis an dlí náisiúnta, caingean a thabhairt os comhair na gcúirteanna nó na gcomhlachtaí riaracháin inniúla, ar mhaithe le leasanna tomhaltóirí agus i gcomhréir leis an dlí náisiúnta, chun a áirithiú go gcuirfear na forálacha náisiúnta maidir le cur chun feidhme na Treorach seo i bhfeidhm:

(a) comhlachtaí poiblí nó a n-ionadaithe;

(b) eagraíochtaí tomhaltóirí a bhfuil leas dlisteanach acu i dtomhaltóirí a chosaint;

(c) eagraíochtaí gairmiúla a bhfuil leas dlisteanach acu i ngníomhú chun a mbaill a chosaint.'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

Treoir 2014/65/AE

6 Foráiltear mar seo a leanas le hAirteagal 74 de Threoir 2014/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir le margaí in ionstraimí airgeadais agus lena leasaítear Treoir 2002/92/CE agus Treoir 2011/61/AE (IO 2014 L 173 lch. 349):

‘1. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh aon chinneadh a dhéanfar faoi fhorálacha Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 [ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir le margaí in ionstraimí airgeadais agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 (IO 2014 L 173, lch. 84] nó faoi na dlíthe, na rialachán nó na forálacha riaracháin a ghlacfar de bhun na Treorach seo cuí-réasúnaithe agus gur féidir é a chur faoi réir athbhreithniú breithiúnach. Beidh feidhm ag an gceart chun iarratas a dhéanamh chuig na cúirteanna freisin i gcás nach ndéanfar aon chinneadh, laistigh de 6 mhí tar éis a thíolactha, i ndáil le hiarratas ar údarú ina soláthraítear an fhaisnéis ar fad atá riachtanach.

2. Forálfaidh na Ballstáit go bhféadfaidh, freisin, ceann amháin nó níos mó de na comhlachtaí seo a leanas, de réir mar a chinnfear leis an dlí náisiúnta, caingean a thabhairt os comhair na gcúirteanna nó na gcomhlachtaí riaracháin inniúla, ar mhaithe le leasanna tomhaltóirí agus i gcomhréir leis an dlí náisiúnta, chun a áirithiú go gcuirfear Rialachán [Uimh. 600/2014] agus na forálacha náisiúnta maidir le cur chun feidhme na Treorach seo i bhfeidhm:

(a) comhlachtaí poiblí nó a n-ionadaithe;

(b) eagraíochtaí tomhaltóirí a bhfuil leas dlisteanach acu i dtomhaltóirí a chosaint;

(c) eagraíochtaí gairmiúla a bhfuil leas dlisteanach acu i ngníomhú chun a mbaill a chosaint.’

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

7 I gcomhréir le hAirteagal 94 de Threoir 2014/65, aisghairtear Treoir 2004/39 le héifeacht ón 3 Eanáir 2017.

Treoir (AE) 2020/1828

8 Leagtar amach an méid seo a leanas i dTreoir (AE) 2020/1828 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2020 maidir le caingne ionadaíocha chun comhleasanna tomhaltóirí a chosaint agus lena n-aisghairtear Treoir 2009/22/CE (IO 2020 L 409, lch. 1), in aithrisí 13 agus 14:

‘(13) Ba cheart go léireodh raon feidhme na Treorach seo an dul chun cinn a rinneadh le déanaí maidir le cosaint tomhaltóirí. Ós rud é go bhfuil na tomhaltóirí ag feidhmiú anois i láthair margaidh atá níos leithne agus ina bhfuil an digiteáil níos forleithne ná riamh, is gá réimsí éagsúla amhail cosaint sonraí, seirbhísí airgeadais, taisteal agus turasóireacht, fuinneamh, agus teileachumarsáid a chumhdach faoin Treoir seo, sa bhreis ar dhlí ginearálta na dtomhaltóirí, chun ardleibhéal cosanta do thomhaltóirí a bhaint amach. Go háirithe, ó tharla go bhfuil méadú mór tagtha ar éileamh na dtomhaltóirí ar sheirbhísí airgeadais agus infheistíochta, is den tábhacht forfheidhmiú dhlí na dtomhaltóirí a fheabhsú sna réimsí sin. Tá athrú tagtha freisin ar mhargadh na dtomhaltóirí i réimse na seirbhísí digiteacha, agus tá méadú tagtha ar an ngá atá ann dlí na dtomhaltóirí a fhorfheidhmiú ar bhealach níos éifeachtúla, lena n-áirítear a mhéid a bhaineann le cosaint sonraí.

(14) Ba cheart sáruithe ar fhorálacha dhlí an Aontais, dá dtagraítear in Iarscríbhinn I, a chumhdach faoin Treoir seo, a mhéid go gcosnaíonn na forálacha sin leasanna na dtomhaltóirí, gan beann ar cibé acu an dtagraítear do na tomhaltóirí sin mar thomhaltóirí, taistealaithe, úsáideoirí, custaiméirí, infheisteoirí miondíola, cliaint mhiondíola, ábhair sonraí nó ainm eile. Mar sin féin, ba cheart don Treoir seo cosaint a dhéanamh ar leasanna daoine nádúrtha má rinne na sáruithe sin díobháil dóibh nó más rud é go bhféadfaidh na sáruithe sin díobháil a dhéanamh dóibh sa chás gur tomhaltóirí iad faoin Treoir seo, agus sa chás sin amháin. Níor cheart sáruithe a dhéanann díobháil do dhaoine nádúrtha a cháilíonn mar thrádálaithe faoin Treoir seo a chumhdach léi.'

Dlí na Spáinne

Foraithne Reachtach Ríoga 1/2007

9 Foráiltear mar seo a leanas le hAirteagal 8(1)(e) den Real Decreto Legislativo 1/2007 por el que se aprueba el texto refundido de la Ley General para la Defensa de los Consumidores y Usuarios y otras leyes complementarias (Foraithne Reachtach Ríoga 1/2007 maidir le hathmhúnlú ar an dlí ginearálta maidir le cosaint tomhaltóirí agus úsáideoirí agus dlíthe coimhdeacha eile), an 16 Samhain 2007 (BOE Uimh. 287, an 30 Samhain 2007, lch. 49181):

'Is cearta bunúsacha tomhaltóirí agus úsáideoirí agus tomhaltóirí leochaileacha iad seo a leanas:

[...]

(e) dul i gcomhairle leis na forálacha ginearálta a bhaineann go díreach leo, páirt a ghlacadh sa phróiseas chun iad a dhréachtú agus ionadaíocht ar a leasanna trí chomhlachais, grúpaí, nó cónaidhmeanna tomhaltóirí agus úsáideoirí atá bunaithe go dleathach'.

Dlí 1/2000

10 Foráiltear an méid seo a leanas le hAirteagal 11(1) den Ley de Enjuiciamiento Civil 1/2000 (Dlí 1/2000, an Dlí um an Nós Imeachta Sibhialta), an 7 Eanáir 2000 (BOE Uimh. 7, an 8 Eanáir 2000, lch. 575):

'Gan dochar do cheart aonair páirtithe díobhálaithe imeachtaí a thionscnamh, go mbeidh *locus standi* ag comhlachais tomhaltóirí agus comhlachais úsáideoirí atá bunaithe go dlíthiúil, cearta agus leasanna a mball agus an chomhlachais, chomh maith le leasanna ginearálta tomhaltóirí agus úsáideoirí, a chosaint i gcúirt dlí.'»

Dlí 1/1996

11 Faoin Dara Foráil Bhreise den Ley 1/1996 de asistencia jurídica gratuita (Dlí 1/1996 um chúnamh dlíthiúil) an 10 Eanáir 1996 (BOE Uimh. 11 an 12 Eanáir 1996, lch. 793), tugtar an ceart chun cúnaimh dhlíthiúil do chomhlachais tomhaltóirí i gcás ina mbaineann na caingne a thionscnaítear 'go díreach le táirgí nó seirbhísí ar de thomhaltas nó ar d'úsáid choitianta, ghnách agus fhorleathan iad'.

12 I gcomhréir le hAirteagal 36(2) den dlí sin, i bhfianaise an aitheantais sin, mura n-éiríonn leis an gcomhlachas, ní gá do na comhaltaí aonair a ndéanann sé ionadaíocht dóibh costais an pháirtí fhreasúraigh a íoc, is cuma cé chomh hard agus atá luach na n-imeachtaí.

Foraithne Ríoga 1507/2000

13 In Iarscríbhinn I(c)(13) a ghabhann leis an Real Decreto 1507/2000 por el que se actualizan los catálogos de productos y servicios de uso o consumo común, ordinario y generalizado y de bienes de naturaleza duradera, a efectos de lo dispuesto, respectivamente, en los artículos 2, apartado 2, y 11, apartados 2 y 5, de la Ley General para la Defensa de los Consumidores y Usuarios y normas concordantes [(Foraithne Ríoga 1507/2000 lena dtugtar chun dáta na catalóga faoi tháirgí agus seirbhísí ar d'úsáid choiteann, ghnách agus fhorleathan iad agus faoi tháirgí ar de chineál buanfasach iad, chun críocha Airteagal 2(2), agus Airteagal 11(2) agus (5) faoi seach den Dlí Ginearálta um Chosaint Tomhaltóirí agus Úsáideoirí agus um Fhorálacha Ábhartha] an 1 Meán Fómhair 2000 (BOE Uimh. 219 an 12 Meán Fómhair 2000, lch. 31349), liostaítear, na seirbhísí baincéireachta agus airgeadais i measc na seirbhísí sin ar d'úsáid choitianta, ghnách, agus fhorleathan iad.

An díospóid sna príomhimeachtaí agus an cheist a tarchuireadh i gcomhair réamhrialú

14 Idir an 4 Bealtaine 2007 agus an 7 Eanáir 2010, rinne Andrea agus Alberto roinnt orduithe ceannaigh ar tháirgí airgeadais le Banco Banif, arbh fhiú EUR 900 000 iad.

15 Rinne Auge caingean a thionscnamh i gcoinne an bhainc sin, thar ceann a bhall, Andrea agus Alberto, chun go ndearbhófar go raibh na conarthaí chun táirgí airgeadais a cheannach ar neamhní go hiomlán ar an bhforas gur cuireadh an toiliú ó bhail agus go bhfaighfear aisíocaíocht, i bpáirt, de na suimeanna a íocadh faoi na conarthaí sin, móide coimisiúin, costais agus ús.

16 Sheas an chúirt chéadchéime leis an gcaingean sin, i bpáirt. Diúltaíodh don achomharc i gcoinne an chinnidh sin le breithiúnas ón Audiencia Provincial de Granada (an Chúirt Chúige, Granada, an Spáinn), ar an bhforas nár chuir an banc sin próifíl infheisteora na gcliant san áireamh agus nár chuir sé faisnéis réamhchonarthach shoiléir agus iomlán ar fáil dóibh maidir le rioscaí na dtáirgí a raibh conradh acu chun infheistíocht a dhéanamh iontu.

17 Rinne Banco Santander, comharba ar Banco Banif, achomharc eisceachtúil a thaisceadh i gcoinne an bhreithiúnais sin os comhair an Tribunal Supremo (an Chúirt Uachtarach, an Spáinn) arb í an chúirt a rinne an tarchur. Mar thaca leis an gcaingean agus an achomharc sin, maíonn sí, go bunúsach, nach raibh *locus standi* ag Auge chun dul i mbun imeachtaí dlíthiúla thar ceann a bhall ós rud é gur táirgí airgeadais amhantracha iad na táirgí ar conradh a bhfuil ardluach eacnamaíoch orthu agus ní táirgí ar d'úsáid choitianta, ghnách agus fhorleathan iad, rud a thabharfadh le tuiscint nach raibh baint ag an gcaingean arna tionscnamh le cosaint tomhaltóirí.

18 Is sa chomhthéacs sin a chuireann an chúirt seo in iúl go bhfuil amhras uirthi faoi léiriú Airteagal 52(2) de Threoir 2004/39 maidir le *locus standi* eagraíochtaí tomhaltóirí.

19 Ar an gcéad dul síos, cuireann an chúirt sin in iúl gur ghlac sí leis go ginearálta go bhfuil *locus standi* ag comhlachais tomhaltóirí chun imeachtaí a thionscnamh d'fhonn leasanna aonair a gcomhaltaí a chosaint i gcaingne a thagann faoi raon feidhme na Treorach sin. Cuireann sí i

dtreis gur shéan sí an cháilíocht sin, áfach, i gcás infheistíochtaí i dtáirgí airgeadais amhantracha nó luach ard eacnamaíochta, ós rud é nach raibh na táirgí sin d'úsáid choitianta, ghnách agus fhorleathan.

20 Mar sin, i gcomhréir le hAirteagal 11(1) de Dhlí 1/2000, ní raibh *locus standi* ag na comhlachais tomhaltóirí ionadaíocht a dhéanamh do chearta agus leasanna a bhall i gcás ina bhfuil ann do nasc díreach idir na hearraí agus seirbhísí ar de thomhaltas nó ar d'úsáid choitianta, ghnách agus fhorleathan iad. Cé go mbaineann seirbhísí baincéireachta agus airgeadais, i bprionsabal, le seirbhísí den chineál sin, i gcomhréir le hIarscríbhinn I, mír c), pointe 13 d'Fhoraithne Ríoga 1507/2000, is ann do sheirbhísí airgeadais, áfach, nach féidir a mheas mar seirbhísí ar d'úsáid choitianta, ghnách agus fhorleathan iad, mar gheall ar a gcineál agus a n-imthosca.

21 Dar leis an gcúirt a rinne an tarchur, sheachnódh léiriú den sórt sin ar dhlí na Spáinne, sna himeachtaí ina 'lagaítear an stádas mar thomhaltóir i bhfianaise shaintréithe na díospóide agus an mhéid faoi shaincheist', úsáid chalaoiseach nó mhí-úsáideach *locus standi* speisialta na gcomhlachas tomhaltóirí arna déanamh ag infheisteoirí d'ard-achmhainn airgeadais, d'fhonn leas a bhaint as an gceart chun cúnaimh dhlíthiúil a thugtar do na comhlachais sin le Dlí 1/1996, trí iad a dhíolmhú ó na táillí cúirte a bhaineann le caingean a thabhairt a íoc agus ó na costais arna dtabhú ag an bpáirtí freasúrach i gcás gan ordú a íoc gan, áfach, a gceart neamhspléach chun imeachtaí dlí a thionscnamh a bhaint de na hinfheisteoirí lena mbaineann.

22 Chomh maith leis sin, tugann an chúirt sin dá haire nár rialaigh an Chúirt go sainráite fós ar rogha atá ag na cúirteanna náisiúnta maidir le *locus standi* na gcomhlachas tomhaltóirí agus na n-úsáideoirí imeachtaí a thionscnamh chun an ceart achomhairc dá bhforáiltear in Airteagal 52(2) de Threoir 2004/39 a fheidhmiú.

23 Mar sin, i mbreithiúnas an 2 Aibreán 2020, *Reliantco Investments agus Reliantco Investments Limassol Sucursala București* (C-500/18, EU:C:2020:264), ar a raibh Auge ag brath, ní dhearna an Chúirt ach a mheas go bhfuil tosca amhail luach na n-idirbheart a cuireadh i gcrích, méid na rioscaí a bhaineann le caillteanais airgeadais a bhaineann le conarthaí le tomhaltóirí a thabhairt i gcrích, aon eolas nó saineolas atá ag duine i réimse na n-ionstraimí airgeadais nó a iompar gníomhach i gcomhthéacs na n-idirbheart sin, díreach toisc go bhfuil líon mór idirbhearta curtha i gcrích ag an duine sin thar thréimhse réasúnta gearr, go bhfuil suimeanna suntasacha infheistithe aige sna hidirbhearta sin nó go bhféadfar é a cháiliú mar 'chliaint mhiondíola', i bprionsabal, neamhábhartha chun a aithint go bhfuil stádas tomhaltóra aige.

24 Sa chás seo, áfach, níl sé i gceist a shéanadh go bhfuil an stádas sin ag infheisteoirí a bhfuil ardacmhainneacht eacnamaíoch acu a cheannaíonn táirgí airgeadais casta agus ardriosca, rud nár shéan an chúirt a rinne an tarchur dó riamh, ach le cinneadh a dhéanamh an féidir *locus standi* comhlachais tomhaltóirí thar ceann duine de na hinfheisteoirí agus na dtomhaltóirí sin a theorannú i gcás ina bhfaightear gurb ann do riosca inchéimnithe nós imeachta a dhéanann díobháil gan údar don pháirtí freasúra agus don státchiste poiblí araon.

25 Cuireann an chúirt sin leis sin gur cosúil go léirítear le míreanna 45 agus 46 de bhreithiúnas an 27 Feabhra 2014, *Pohotovosť* (C-470/12, EU:C:2014:101), agus le míreanna 35 agus 36 de bhreithiúnas an 20 Meán Fómhair 2018, *EOS KSI Slovensko* (C-448/17, EU:C:2018:745), maidir le Treoir 93/13/CEE ón gComhairle an 5 Aibreán 1993 maidir le téarmaí éagóracha i gconarthaí tomhaltóra (IO 1993 L 95, lch. 29), go dtagann an t-athbhreithniú ar *locus standi* na gcomhlachas tomhaltóirí imeachtaí a thionscnamh go heisiach faoi dhlínse na gcúirteanna náisiúnta.

26 Ar deireadh, cuireann an chúirt sin in iúl, ós rud é go gcaitear amhras ar *locus standi* Auge ionadaíocht a dhéanamh ar a chomhaltaí leis na caingne a tugadh os a comhair, go bhfuil freagra ar an gceist a tarchuireadh chun réamhrialú sa mhír seo a leanas den bhreithiúnas seo ag teastáil chun an díospóid atá os a comhair a réiteach. Thairis sin, measann an chúirt sin nach féidir an freagra sin a dhíorthú ó chásdlí na Cúirte Breithiúnais arna maíomh ag an gcomhlachas sin.

27 Sna himthosca sin, chinn an Tribunal Supremo (an Chúirt Uachtarach) bac a chur ar na himeachtaí agus an cheist seo a leanas a tharchur chuig an gCúirt Bhreithiúnais le haghaidh réamhrialú:

‘Ar an mbonn go bhfuil *locus standi* ag comhlachais tomhaltóirí ionadaíocht dlíthiúil a dhéanamh d’infheisteoirí/do thomhaltóirí a mhaíonn mainneachtain ag cuideachta seirbhísí infheistíochta sna dualgais atá uirthi a chomhlíonadh agus táirgí airgeadais casta á margú, an féidir leis na cúirteanna náisiúnta srian a chur leis an *locus standi* sin go heisceachtúil i gcás, mar chuid d’éileamh ar leith, inarb é atá i gceist ná infheisteoirí d’ard-acmhainn airgeadais, a chuireann idirbhearta i gcrích nach bhféadfaí a mheas gur de ghnáthúsáid nó úsáid choitianta iad, agus a thionscnaíonn imeachtaí faoi choimirce an chomhlachais tomhaltóirí, ionas go bhféadfaidís díolúine fhéideartha a fháil ó chostais nós imeachta in imeachtaí dlí fíor-ardluacha, íocaíocht táillí cúirte a sheachaint agus íocaíocht chostais an pháirtí fhreasúra a sheachaint i gcás éilimh nach bhfuil bunús leo nó atá suaibhreosach fiú?’

Inniúlacht na Cúirte Breithiúnais agus inghlacthacht na hiarrata ar réamhrialú

28 Maíonn Banco Santander agus Rialtas na Spáinne nach raibh an Chúirt Bhreithiúnais inniúil chun freagra a thabhairt ar an gceist a tharchuir an chúirt náisiúnta, ar an bhforas go mbaineann an cheist sin le léiriú an dlí náisiúnta. Dar le Banco Santander, ciallaíonn sé freisin go bhfuil an iarraidh ar réamhrialú do-ghlactha.

29 Aontaíonn Banco Santander agus Rialtas na Spáinne, go bunúsach, nach leagtar síos le Treoir 2004/39, cosúil le hionstraimí eile de dhlí an Aontais i réimse an dlí tomhaltóirí, ach oibleagáid ar na Ballstáit seasamh comhlachas tomhaltóirí a dheonú chun imeachtaí a thabhairt os comhair na gcúirteanna náisiúnta chun comhleasanna tomhaltóirí a chosaint. Os a choinne sin, ní éilítear leis an Treoir sin ar na Ballstáit *locus standi* a dheonú do na comhlachais sin chun imeachtaí a thabhairt os comhair na gcúirteanna sin chun leasanna aonair a gcomhaltaí a chosaint nó chun cúnamh dlíthiúil a fháil. Dá bhrí sin, tagann féidearthacht den sórt sin faoi raon feidhme dhlí na Spáinne amháin.

30 Dá bhrí sin, bhain an cheist a tharchuir an chúirt a rinne an tarchur le léiriú dhlí na Spáinne, lena dtugtar *locus standi* do chomhlachais tomhaltóirí os comhair na gcúirteanna sin d’fhonn leasanna aonair a mball a chosaint.

31 I ndáil leis sin, níl aon cheist ann, i gcomhthéacs an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 267 CFAE, atá bunaithe ar dheighilt shoiléir feidhmeanna idir na cúirteanna náisiúnta agus an Chúirt, go bhfuil dlínse eisiach ag an gcúirt náisiúnta an dlí náisiúnta a léiriú agus a chur i bhfeidhm, ós rud é go bhfuil inniúlacht na Cúirte teoranta d’fhorálacha dhlí an Aontais amháin a scrúdú (féach, chuige sin, breithiúnas an 17 Bealtaine 2022, *Impuls Leasing România*, C-725/19, EU:C:2022:396, mír 34 agus an cásdlí dá dtagraítear).

32 Mar sin féin, sa chás seo, ní iarrann an chúirt a rinne an tarchur faoi léiriú dhlí an Aontais, ach faoi léiriú Airteagal 52(2) de Threoir 2004/39, d'fhonn an díospóid atá os a comhair a réiteach.

33 Dá bhrí sin, tá dlínse ag an gCúirt rialú a thabhairt ar an iarraidh ar réamhrialú seo.

34 Mar sin féin, tá sé tábhachtach a mheabhrú, i gcomhthéacs an nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 267 CFAE, gur faoin gcúirt náisiúnta, a bhfuil an díospóid os a comhair agus a bhfuil uirthi freagracht a ghlacadh as an gcinneadh breithiúnach atá le déanamh, atá sé measúnú a dhéanamh, i bhfianaise ghnéithe sonracha an cháis, ar an ngá atá le réamhrialú le bheith in ann a breithiúnas a thabhairt agus ar ábharthacht na gceisteanna a chuireann sí ar an gCúirt. Dá bhrí sin, ós rud é go mbaineann na ceisteanna a tarchuireadh le léiriú dhlí an Aontais, tá iallach ar an gCúirt Bhreithiúnais, i bprionsabal, rialú a thabhairt. Dá bhrí sin, tá toimhde ábharthachta ann maidir le ceisteanna a bhaineann le dlí an Aontais. Ní féidir leis an gCúirt Bhreithiúnais diúltú do rialú a thabhairt ar iarraidh arna déanamh ag cúirt náisiúnta ach amháin má dhealraíonn sí go follasach nach bhfuil baint ar bith ag an léiriú arna iarraidh ar dhlí an Aontais le fíricí iarbhír nó cuspóir na díospóide sna príomhimeachtaí, gur fadhb de chineál hipitéiseach í nó nach bhfuil an fhaisnéis fhíorasach agus dhlíthiúil is gá ag an gCúirt Bhreithiúnais chun freagra úsáideach a thabhairt ar na ceisteanna a cuireadh uirthi (breithiúnas an 29 Iúil 2024, *LivaNova*, C-713/22, EU:C:2024:642, mír 53 agus an cásdlí dá dtagraítear).

35 Sa chás seo, áfach, mar a luaitear go háirithe i mír 26 den bhreithiúnas seo, chuir an chúirt a rinne an tarchur in iúl, ar bhealach soiléir, na cúiseanna a mheasann sí go bhfuil freagra ar an gceist a tharchuirtear ag teastáil d'fhonn an díospóid atá os a comhair a réiteach. Dá bhrí sin, ní léir nach bhfuil aon bhaint ag an léiriú atá á lorg ag an gcúirt a rinne an tarchur le cuspóir nó fíorais iarbhír na díospóide sna príomhimeachtaí, agus mar thoradh air sin go bhfuil an iarraidh ar réamhrialú inghlactha.

An cheist arna tarchur i gcomhair réamhrialú

36 Leis an gceist sin, iarrann an chúirt a rinne an tarchur, go bunúsach, ar cheart Airteagal 52(2) de Threoir 2004/39 a léiriú sa chaoi go gcuirtear bac leis ar chásdlí náisiúnta ar túsphointe é sin chun *locus standi* eagraíochtaí tomhaltóirí imeachtaí dlí a thionscnamh d'fhonn leasanna aonair a gcomhaltaí a chosaint agus, dá bhrí sin, ar cheart na n-eagraíochtaí sin cúnamh dlíthiúil a fháil maidir le srianta a bhaineann le hacmhainneacht airgeadais a gcomhaltaí, luach eacnamaíoch, cineál na dtáirgí airgeadais inar infheistigh na comhaltaí sin agus castacht na dtáirgí sin chomh maith.

37 Mar réamhbharúil, ba cheart a thabhairt faoi deara, mar is léir ó aithris 31 de Threoir 2004/39, atá infheidhme *ratione temporis* don chás sna príomhimeachtaí, mar a thug an tAbhcóide Ginearálta dá haire i mír 32 dá Tuairim, is é is aidhm don Treoir sin, go háirithe, 'na hinfheisteoirí' a chosaint, is é sin, cliaint mhiondíola, gairmithe agus gnólachtaí.

38 De réir chásdlí na Cúirte Breithiúnais, is féidir 'cliaint mhiondíola' a aicmiú mar 'tomhaltóir', de réir bhrí phointe 12 d'Airteagal 4(1) den Treoir sin, más duine nádúrtha é a oibríonn lasmuigh d'aon trádáil (féach, chuige sin, breithiúnas an 3 Deireadh Fómhair 2019, *Petruchová*, C-208/18, EU:C:2019:825, mír 76).

39 Os a choinne sin, mar a luaigh an tAbhcóide Ginearálta i mír 67 dá Tuairim, deimhnítear stádas déach an ‘infheisteora-tomhaltóra’ le Treoir 2020/1828, ina luaitear in aithris 14 go gcosnaítear leasanna tomhaltóirí lena forálacha, gan beann ar cibé acu an dtagraítear do na tomhaltóirí sin mar ‘t[h]aistealaithe, úsáideoirí, custaiméirí, infheisteoirí miondíola, cliaint mhiondíola, ábhair sonraí nó ainm eile’. Go háirithe is léir ó aithris 13 den Treoir sin go gcumhdaítear leis an Treoir sin, sa bhreis ar dhlí ginearálta na dtomhaltóirí, réimsí amhail seirbhísí airgeadais.

40 Cé gur glacadh an Treoir sin i ndiaidh an ama atá i gceist sna príomhimeachtaí, is amhlaidh fós go bhféadfadh sé a bheith úsáideach chun an coincheap ‘tomhaltóir’ a chinneadh i gcomhthéacs Threoir 2004/39, a mhéid a thagraíonn sí, in Iarscríbhinn I a ghabhann léi, do Threoir 2014/65, lenar aisghaireadh agus lenar ionadaíodh Treoir 2004/39 agus Airteagal 74(2) di, a mhéid a bhaineann sé leis an gceart chun sásaimh ar mhaithe le tomhaltóirí, a chomhfhreagraíonn d’Airteagal 52(2) de Threoir 2004/39, agus an dá Airteagal sin á ndréachtú i dtéarmaí atá beagnach comhionann lena chéile.

41 I bhfianaise na soiléirithe tosaigh sin, ní mór a thabhairt faoi deara go gceanglaítear ar na Ballstáit le hAirteagal 52(2) de Threoir 2004/39 foráil a dhéanamh go bhféadfaidh ceann amháin nó níos mó de na comhlachtaí a liostaítear san fhoráil sin, eadhon comhlachtaí poiblí nó a n-ionadaithe, eagraíochtaí tomhaltóirí a bhfuil leas dlisteanach acu maidir le tomhaltóirí agus eagraíochtaí gairmiúla a chosaint a bhfuil leas dlisteanach acu a gcomhaltaí a chosaint, ar mhaithe le tomhaltóirí agus i gcomhréir leis an dlí náisiúnta, caingean a thabhairt os comhair na gcúirteanna nó a n-údarás riaracháin atá inniúil chun na forálacha náisiúnta a bhaineann le cur chun feidhme na Treorach sin a fhorfheidhmiú.

42 Chun freagra a thabhairt ar an gceist a tharchuir an chúirt a rinne an tarchur, ní mór, ar dtús, raon feidhme ábhartha na forála sin a chinneadh agus a shuí cibé an mbaineann cás a thionscain eagraíocht tomhaltóirí chun leasanna aonair iolracht tomhaltóirí a chosaint leis an bhforáil chéanna sin. Ar an gcúis sin, ní mór léiriú a dhéanamh ar an bhfrása ‘leas tomhaltóirí’, a leagtar amach san fhoráil sin.

43 I ndáil leis sin, ní mór a mheabhrú, de réir chásdlí socair na Cúirte, chun léiriú a dhéanamh ar fhoráil de dhlí an Aontais, ní mór a chur san áireamh ní hamháin foclaíocht na forála, ach freisin an comhthéacs ina bhfuil sí agus na cuspóirí atá á saothrú leis na rialacha a bhfuil sí mar chuid dóibh (breithiúnas an 17 Samhain 2022, *TOYA*, C-243/21, EU:C:2022:889, mír 36 agus an cásdlí dá dtagraítear).

44 Maidir le foclaíocht Airteagal 52(2) de Threoir 2004/39, ní mór a thabhairt faoi deara go dtagraíonn an fhoráil sin do ‘thomhaltóirí’ san uimhir iolra. Léiríonn úsáid na huimhreach, mar a thug an tAbhcóide Ginearálta faoi deara i mír 40 dá Tuairim, nach mór baint a bheith ag an gcaingean arna tionscnamh ag eagraíocht tomhaltóirí le leasanna roinnt tomhaltóirí, i réimse na seirbhísí airgeadais agus na n-infheistíochtaí airgeadais.

45 Ar an taobh eile, ní shonraítear leis an bhforáil sin an gceanglaítear leis an ngné chomhchoiteann sin den chaingean arna tabhairt ag eagraíocht tomhaltóirí go mbeadh ábhar caingne den sórt sin teoranta do chosaint leasa ghinearálta tomhaltóirí nó, os a choinne sin, nach mór leasanna aonair roinnt tomhaltóirí a chumhdach léi freisin. Ní thagraítear in Airteagal 52(2) de Threoir 2004/39 ach do dhlí na mBallstát maidir le cinneadh na gcomhlachtaí a d’fhéadfadh ionadaíocht a dhéanamh ar leasanna tomhaltóirí agus maidir leis na rialacha nós imeachta faoina gcaithfear ionadaíocht den sórt sin a fheidhmiú go hiarbhír.

46 Dá bhrí sin, ceadaítear le foclaíocht leathan na forála sin an tátal a bhaint as go bhfuil sé de shaoirse ag na Ballstáit a chinneadh cé na comhlachtaí a bhfuil *locus standi* acu chun imeachtaí a thionscnamh ar mhaithe le tomhaltóirí, cineál aonair nó comhchoiteann na leasanna a fhéadfaidh na comhlachtaí sin a chosaint agus na rialacha nós imeachta faoina gcaithfidh na comhlachtaí sin gníomhú chun na leasanna sin a chosaint.

47 Léiríonn an discréid sin a thugtar do na Ballstáit scéim agus cuspóir Threoir 2004/39, arb é is aidhm di, mar is léir ó aithrisí 2, 5 agus 31 den Treoir sin, creat rialála foriomlán a bhunú i réimsí áirithe de mhargaí airgeadais, rud atá fíor-riachtanach chun an méid comhchuibhithe is gá a bhaint amach, go háirithe chun ardleibhéal cosanta a sholáthar d'infheisteoirí.

48 Is léir ón méid sin roimhe seo go gceanglaítear le hAirteagal 52(2) de Threoir 2004/39 ar na Ballstáit sásraí nós imeachta a chur ar bun chun leasanna tomhaltóirí a chosaint ach lena gceadaítear dóibh, i gcomhréir lena dtraidisiúin dlí, na sásraí nós imeachta sin a chumrú, go háirithe trí sheasamh a dheonú d'eagraíochtaí tomhaltóirí chun imeachtaí a thionscnamh chun leasanna aonair a gcomhaltaí a chosaint.

49 I ndáil leis an méid sin, foráiltear le hAirteagal 52(2) de Threoir 2004/39 do cheart achomhairc chun leasa na n-infheisteoirí agus na n-infheisteoirí uile, gan idirdhealú a dhéanamh, *inter alia*, ar bhonn a gcumais airgeadais agus ar bhonn na n-ionstraimí airgeadais ina ndearna siad infheistíocht, a mhéid a thagann na hionstraimí sin faoi raon feidhme na Treorach sin.

50 Dá bhrí sin, ní leanann sé ón bhforáil sin, i gcás inar thug an Ballstát lena mbaineann *locus standi* d'eagraíochtaí tomhaltóirí chun imeachtaí a thionscnamh d'fhonn leasanna aonair roinnt dá chomhaltaí a chosaint, go bhféadfar *locus standi* a fhorchoimeád do chatagóir áirithe tomhaltóirí arna sainaithint ar bhonn na gcritéar sin.

51 Sa chás seo, leanann sé ón gcreat dlíthiúil náisiúnta, mar a chuir an chúirt a rinne an tarchur i láthair é, i bhfeidhmiú a dlínse faoi Airteagal 52(2) de Threoir 2004/39, gur thug reachtas na Spáinne do chomhlachais tomhaltóirí *locus standi* chun imeachtaí a thionscnamh d'fhonn leasanna aonair a gcomhaltaí a chosaint.

52 Sonraíonn an chúirt sin, ar an gcéad dul síos, gur aithin sí, ina cásdlí, *locus standi* na gcomhlachas tomhaltóirí chun leasanna a gcomhaltaí a chosaint i gcomhthéacs caingne a thagann faoi raon feidhme Threoir 2004/39 agus, ar an dara dul síos, go bhfuil stádas 'tomhaltóirí' ag an mbeirt chomhaltaí a ndéanann an comhlachas tomhaltóirí atá i gceist ionadaíocht orthu sna príomhimeachtaí.

53 Os a choinne sin, mheas an chúirt sin nach raibh *locus standi* ag na comhlachais tomhaltóirí chun imeachtaí a thionscnamh d'fhonn leasanna aonair tomhaltóirí a chosaint, ar tomhaltóirí iad a chuireann infheistíochtaí i dtáirgí airgeadais amhantracha a bhfuil ardluach eacnamaíoch orthu nach féidir a mheas mar bheith d'úsáid choitianta, ghnách agus fhorleathan.

54 I ndáil leis sin, ba cheart a thabhairt faoi deara gurb é an toradh atá ar an gcásdlí dá dtagraítear sa mhír roimhe seo den bhreithiúnas seo go n-eisiatar tomhaltóirí áirithe, mar gheall ar a n-acmhainneacht airgeadais agus luach eacnamaíoch, cineál agus castacht a n-infheistíochtaí, ó thairbhe ionadaíochta ag comhlachas a bhfuil leas dlisteanach aige maidir le tomhaltóirí a chosaint.

55 Cuirtear bac le hAirteagal 52(2) de Threoir 2004/39, áfach, ar chásdlí náisiúnta lena n-eisiatar tomhaltóirí ón gceart go ndéanfaidh comhlachas tomhaltóirí ionadaíocht orthu in imeachtaí breithiúnacha.

56 Os a choinne sin, maidir leis an gcóras cúnaimh dhlíthiúil, ní mór a thabhairt faoi deara nach bhforáiltear le hAirteagal 52(2) de Threoir 2004/39 ach do cheart caingne i bhfabhar eagraíochtaí tomhaltóirí a bhfuil leas dlisteanach acu tomhaltóirí a chosaint, gan a cheangal go ndeonófar an chabhair sin chun feidhmiú an chirt sin a éascú.

57 In éagmais reachtaíocht an Aontais maidir le cúnamh dlíthiúil a dheonú d'eagraíochtaí tomhaltóirí nuair a dhéanann siad caingean a thabhairt ar mhaithe le leasanna tomhaltóirí i gcomhthéacs Airteagal 52(2) de Threoir 2004/39, is faoi dhlíchóras náisiúnta gach Ballstáit atá sé rialacha den sórt sin a bhunú, i gcomhréir le prionsabal an neamhspleáchais ó thaobh nósanna imeachta de, ar choinníoll, áfach, nach bhfuil na rialacha sin níos neamhfhabhraí ná na rialacha lena rialaítear cásanna náisiúnta den chineál céanna (prionsabal na coibhéise) agus nach bhfágann siad go mbíonn sé ródheacair nó dodhéanta go praiticiúil na cearta a thugtar le dlí an Aontais a fheidhmiú (prionsabal na héifeachtachta) (féach, i ndáil leis sin, breithiúnas an 20 Meán Fómhair 2018, *EOS KSI Slovensko*, C-448/17, EU:C:2018:745, mír 36 agus an cásdlí dá dtagraítear).

58 Sa chás seo, maíonn an chúirt a rinne an tarchur, i gcás ina mbaineann na caingne arna dtionscnamh ag comhlachais go díreach le táirgí nó seirbhísí ar de thomhaltas nó ar d'úsáid choitianta, ghnách agus fhorleathan iad, lena mbaineann seirbhísí baincéireachta agus airgeadais go ginearálta, bainfidh na comhlachais sin tairbhe as an gceart chun cúnaimh dhlíthiúil. Dá bhrí sin, ní cheanglaítear orthu na táillí cúirte a bhaineann le caingean a thabhairt a íoc ná na costais arna dtabhú ag an bpáirtí freasúrach a íoc nuair nach n-éiríonn leo. Níl na costais sin le híoc ag na comhaltaí aonair a ndéanann siad ionadaíocht orthu ach an oiread.

59 Maidir leis sin, is faoin gcúirt sin atá sé a mheas an mbaineann ionstraimí airgeadais amhail na hionstraimí airgeadais atá i gceist sna príomhimeachtaí le táirgí nó seirbhísí ar de thomhaltas nó ar d'úsáid choitianta, ghnách agus fhorleathan iad, lena dtugtar an ceart chun cúnaimh dhlíthiúil, i bhfábhar na gcomhlachas sin.

60 Mar sin féin, dar leis an gcúirt sin, i gcásanna ina 'lagaítear an stádas mar thomhaltóir i bhfianaise shaintréithe na díospóide agus an mhéid faoi shaincheist', d'fhéadfadh imchéimniú nós imeachta nó mí-úsáid nós imeachta a bheith mar thoradh ar chosaint leasanna aonair tomhaltóirí ag comhlachas tomhaltóirí, d'ard-acmhainn airgeadais, ar tomhaltóirí iad a dhéanann infheistíochta i dtáirgí airgeadais amhantracha a bhfuil ardluach eacnamaíoch orthu nach féidir a mheas mar bheith d'úsáid choitianta, ghnách agus fhorleathan.

61 I ndáil leis sin, níl aon fhianaise os comhair na Cúirte a d'fhéadfadh amhras a chaitheamh ar cibé an gcomhlíontar prionsabal na coibhéise leis na rialacha nós imeachta atá i gceist sna príomhimeachtaí. Ní bhaineann easpa cúnamh dlíthiúil a d'fhéadfadh a bheith ann an bonn de phrionsabal na héifeachtachta ach an oiread, ar choinníoll nach costais dhosháraithe iad na táillí cúirte a cheanglaítear ar chomhlachas a íoc mura bhfaigheann sé cúnamh dlíthiúil, rud a fhágann go bhfuil sé dodhéanta nó ródheacair i gcleachtas gan ceart achomhairc dá bhforáiltear in Airteagal 52(2) de Threoir 2004/39 a fheidhmiú, ar faoin gcúirt a rinne an tarchur atá sé a fhíorú.

62 Is amhlaidh is mó fós ós rud é mar a mhaígh Rialtas na Spáinne ag an éisteacht os comhair na Cúirte, agus faoi réir fíorú ag an gcúirt a rinne an tarchur, nach sáraítear ceart na dtomhaltóirí caingean aonair a thionscnamh agus cúnamh dlíthiúil a iarraidh leis na critéir a chuirtear faoi réir dhlí na Spáinne go bhféadfadh comhlachais tomhaltóirí leas a bhaint as an gceart chun cúnaimh dhlíthiúil mura bhfuil acmhainní leordhóthanacha acu, i gcomhréir le forálacha ábhartha dhlí na Spáinne.

63 I bhfianaise an mhéid sin thuas, is é an freagra atá le tabhairt ar an gcúirt a rinne an tarchur nach mór Airteagal 52(2) de Threoir 2004/39 a léirmhíniú sa chaoi:

– go gcuirtear bac leis ar chásdlí náisiúnta, i gcás inar thug an Ballstát lena mbaineann *locus standi* d'eagraíochtaí tomhaltóirí chun imeachtaí a thionscnamh d'fhonn leasanna aonair iolracht a gcomhaltaí a chosaint, lena bhforáiltear do *locus standi* den chineál sin faoi réir srianta a bhaineann le hacmhainneacht airgeadais na gcomhaltaí sin, luach eacnamaíoch agus cineál na dtáirgí airgeadais inar infheistigh na comhaltaí sin agus castacht na dtáirgí sin;

– ní chuirtear cosc leis, i bprionsabal, critéir den sórt sin a chur san áireamh chun a chinneadh an dtairbhíonn na heagraíochtaí sin de chúnamh dlíthiúil.

Costais

64 Ós rud é, a mhéid a bhaineann sé leis na páirtithe sna príomhimeachtaí, go bhfuil na himeachtaí mar chéim sa chás os comhair na cúirte a rinne an tarchur, baineann ceist na gcostas leis an gcúirt sin. Níl na costais a tabhaíodh trí bharúlacha a chur faoi bhráid na Cúirte, seachas costais na bpáirtithe sin, inghnóthaithe.

Ar na forais sin, rialaíonn an Chúirt (an Ceathrú Dlísheomra) mar seo a leanas:

Maidir le hAirteagal 52(2) de Threoir 2004/39/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Aibreán 2004 maidir le margaí in ionstraimí airgeadais, lena leasaítear Treoracha 85/611/CEE agus 93/6/CEE ón gComhairle agus Treoir 2000/12/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 93/22/CEE ón gComhairle,

ní mór léiriú a dhéanamh mar a leanas:

– **cuirtear bac leis ar chásdlí náisiúnta, i gcás inar thug an Ballstát lena mbaineann *locus standi* d'eagraíochtaí tomhaltóirí chun imeachtaí a thionscnamh d'fhonn leasanna aonair iolracht a gcomhaltaí a chosaint, lena bhforáiltear do *locus standi* den chineál sin faoi réir srianta a bhaineann le hacmhainneacht airgeadais na gcomhaltaí sin, luach eacnamaíoch agus cineál na dtáirgí airgeadais inar infheistigh na comhaltaí sin agus castacht na dtáirgí sin;**

– **ní chuirtear cosc leis, i bprionsabal, critéir den sórt sin a chur san áireamh chun a chinneadh an dtairbhíonn na heagraíochtaí sin de chúnamh dlíthiúil.**

Sínithe

[i] Rinneadh leasuithe teanga ar mhíreanna 63 agus 64 tar éis dóibh a bheith foilsithe ar líne den chéad uair.